# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## Gairmchlár na hArdteistiméireachta

### Scrúdú Nascmhodúl 2009

### Dé Céadaoin, 6 Bealtaine 2009, 10.00 a.m. – 12.30 p.m.

| Scrúduimhir |
|---|
| |

**TREORACHA d'IARRTHÓIRÍ**

**Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca.**

Scríobh na freagraí go léir sa Fhreagarleabhar seo.

Tá **trí** roinn sa scrúdú seo.

**Roinn A – Closamharc**

Tá **ocht** gceist ann.

Ní mór gach ceist a fhreagairt. **(30 marc)**

**Roinn B – Cás-Staidéar**

Tá **trí** cheist ann.

Ní mór gach ceist a fhreagairt. **(30 marc)**

**Roinn C – Ceisteanna Ginearálta**

Tá **sé** cheist ann.

Ní mór **ceithre** cheist a fhreagairt. **(100 marc)**

| Roinn A | Closamharc | 30 marc |
|---|---|---|

- Beidh **trí** nóiméad agat chun na ceisteanna i Roinn A a léamh.
- Feicfidh tú DVD ar an téama *Pobal agus Gnó*.
- Feicfidh tú an DVD trí huaire.
    - * Feicfidh tú ó thús deireadh ar dtús é.
    - * Taispeánfar ansin ina thrí chuid é. I ndiaidh gach cuid a thaispeáint tabharfar am duit chun do chuid freagraí a scríobh sa rannóg chuí den fhreagarleabhar.
    - * Feicfidh tú an DVD iomlán ó thús deireadh arís ansin.

Is féidir an leathanach seo a úsáid le haghaidh nótaí nó le cur le freagraí.

| Roinn A | Closamharc | 30 marc |
|---|---|---|

**Freagair gach ceist**.

**Cuid 1**

**C.1** Ainmnigh **aon** pháirtí leasmhar i ngnólacht.

**1 marc**

**C.2** Cad iad buntáistí Fheagracht Chorparáideach Shóisialta do ghnolachtaí?

**3 marc**

**C.3** Mínigh **dhá** bhealach inar féidir le gnólacht tacú le tionscadail dheonacha nó le tionscadail phobail.

**4 marc**

**Cuid 2**

**C.4** Mínigh **trí** scil a léiríonn na daoine a dhéanann obair dheonach do Thionscadal Niall Mellon.

**3 marc**

**C.5** Déan cur síos ar **dhá** buntáistí a bhaineann gnólachtaí as a bheith ag obair i gcomhar leis an bpobal áitiúil.

**4 marc**

**C.6** Conas is féidir féachaint ar iarrachtaí gnólachta a cáil a fheabhsú taobh amuigh den eagraíocht?

**4 marc**

| Roinn A | Closamharc | 30 marc |
|---|---|---|

**Cuid 3**

**C.7** Conas a chomhlíonann gnólachtaí a ndualgas sóisialta?

**6 marc**

**C.8** Déan cur síos ar bhealaí inar féidir le cuideachtaí a chinntiú go bhfuil an bhaint atá acu leis an bpobal éifeachtach?

**6 marc**

## Cúram Carranna

Ó bhí sé an-óg bhí spéis mhór ag Proinsias Ó Cearra i gcarranna agus in innill. Bhíodh sé ag cuidiú lena dheartháir mór nuair a bhíodh seisean ag obair ar a charr agus chaitheadh sé an chuid ba mhó dá chuid airgid phóca ar irisí carr agus ag freastal ar railithe carr. Nuair a chríochnaigh sé an Ardteistiméireacht i 1999 bheartaigh sé dul le printíseacht mar ábhar meicneora i ngaráiste áitiúil.

Le linn dó an phrintíseacht a bheith á cur isteach aige bhíodh Proinsias ag obair as an mbaile tráthnóna agus ar an Satharn, ag déanamh deisiúcháin dá chairde agus do dhaoine eile ar chuir sé aithne orthu de réir a chéile. D'oibríodh Proinsias gach aon nóiméad a bhí aige agus thuig sé go luath nach bhféadfadh sé leanúint ar aghaidh ag obair sa gharáiste agus am a bheith aige don obair a bhí á déanamh aige ar a chonlán féin. Tar éis dó a phrintíseacht a chur i gcrích sa bhliain 2003, bheartaigh sé a ghnólacht féin a chur ar bun nuair a bheadh foirgneamh oiriúnach ar fáil agus a chuid iarrachtaí uile a chaitheamh leis an ngnólacht seo a riar. Ba é a bhí mar aidhm aige freastal ar riachtanais na gcustaiméirí a bhí aige cheana féin chomh maith le custaiméirí nua a mhealladh. Tháinig an deis sin sa bhliain 2004 nuair a thóg Proinsias léas ar fhoirgneamh agus nuair a chuir sé Cúram Carranna ar bun. Chun an ghnólacht a mhaoiniú, d'úsáid sé an t-airgead a bhí coigilte aige féin agus fuair sé iasacht bainc.

Bhí an foirgneamh suite in áit iontach agus bhí neart spáis ann. Mar sin bheartaigh Proinsias seirbhís nite agus sciomartha carranna a thairiscint chomh maith leis na gnáthsheirbhísí deisiúcháin agus cothabhála. Thug Proinsias an-aire don ghnólacht agus bhíodh sé i gcónaí ag smaoineamh ar bhealaí nua le cur leis an líon custaiméirí a bhí aige agus le seirbhísí breise a chur ar fáil dóibh. Chuaigh an léas ar an gcéad fhoirgneamh in éag sa bhliain 2007 agus bheartaigh Proinsias bogadh go dtí foirgneamh níos mó a thabharfadh deis níos fearr dó leathnú. Bhí sé in ann deisiúcháin phainéil agus timpiste, agus seirbhís bonn agus sceithphíopaí a chur ar fáil chomh maith lena raibh á thairiscint cheana féin aige. Is é an smaoineamh a bhí aige 'siopa aon stad' a chruthú agus a oiread buntáiste agus ab fhéidir a bhaint as, agus ag an am céanna é a bheith áisiúil don chustaiméir na seirbhísí go léir a bhí ag teastáil a bheith ar aon láthair amháin.

Theastaigh infheistíocht mhór don fhiontar seo agus fuair Proinsias iasachtaí móra airgid chun an trealamh, na feistithe, an stoc agus an t-innealra a mhaoiniú. An fuinneamh agus an dul chun cinn a bhí i bProinsias, théidís i gcion i gcónaí ar Bhainisteoir an bhainc nuair a bhíodh na hiasachtaí á socrú . I dtús báire d'fhostaigh Cúram Carranna deichniúr ach ó bhog siad go dtí an suíomh nua mhéadaigh líon na bhfostaithe go dtí caoga duine. Creideann Proinsias go docht i dtábhacht na hoibre i gcomhar chomh maith le leibhéal ard sástachta an chustaiméara a choimeád.

Lena ais sin tuigeann Proinsias an tábhacht a bhaineann le teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide, agus de réir mar a bheidh an ghnólacht ag forbairt go mbraithfeadh an rath ar infheistíocht a dhéanamh i gcónaí sa réimse sin. Tá Cúram Carranna á dhaingniú féin anois ag ceann an mhargaidh. Is é an clú atá orthu go bhfuil seirbhísí ardchaighdeáin á gcur ar fáil ag lucht oibre atá fíorchumasach. Tá rathúnas leanúnach Chúram Carranna ag brath ar fhuinneamh, ar dhíocas agus ar thiomantas Phroinsias, agus ar an bhfonn atá air dul i bhfiontar agus an fhorbairt a mhaoiniú le hiasachtaí agus le hath-infheistíocht.

| Roinn B | Cás-Staidéar | 30 marc |
|---|---|---|

**Freagair gach ceist.**

**C.1** Sainaithin agus mínigh na buntáistí a bhaineann Cúram Carranna as a bheith ag obair i gcomhar.

**6 marc**

| Roinn B | Cás-Staidéar | 30 marc |
|---|---|---|

**C.2** Tá ról tábhachtach ag teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (ICT) i gcúrsaí gnó. Sainaithin **ceithre** ghné de ICT a d'fhéadfadh a bheith in úsáid ag Cúram Carranna agus déan cur síos ar conas a d'fhéadfaí gach ceann díobh a úsáid. Luaigh buntáiste agus míbhuntáiste a bhaineann le gach ceann díobh.

**12 marc**

| Roinn B | Cás-Staidéar | 30 marc |
|---|---|---|

**C.3 (i)** Cad iad na himpleachtaí do Chúram Carranna a bhaineann leis an Margadh Eorpach Aonair a bheith méadaithe?

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** réimse den ghnólacht nach mór do Phroinsias díriú orthu i gcónaí d'fhonn rathúnas leanúnach a chinntiú.

**12 marc**

| Roinn C | Ceisteanna Ginearálta | 100 marc |
|---|---|---|

## INNÉACS AGUS ACHOIMRE

Tá 6 cheist ar 25 marc an ceann sa Roinn C seo agus ba chóir duit **ceithre cinn ar bith** a fhreagairt. Chun cuidiú leat na ceisteanna a roghnú agus a aimsiú lena bhfreagairt, is é seo a leanas téacs na gceisteanna ar fad agus réimse uimhreacha na leathanach do gach ceann díobh. Freagair do rogha ceisteanna ar na leathanaigh chuí a leanas sa leabhrán seo.

**C.1 Is gné an-tábhachtach de Ghairmchlár na hArdteistiméireachta é an Fhiontraíocht a Thuiscint.** **Lgh 14 – 16**

(a) Liostaigh **dhá** thréith a bhíonn ag duine fiontrach. Luaigh cúis **amháin** a mbaineann tábhacht le gach tréith.
(b) Sainaithin agus mínigh **trí** ghné atá riachtanach le go n-éireodh le duine fiontar gnó a chur ar bun.
(c) Tabhair breac-cuntas ar **thrí** bhealach inar féidir le húinéir gnólachta a chinntiú go ndéanfar freastal ar éilimh an chustaiméara.
(d) Tá an rath riachtanach má tá fiontar gnó le maireachtáil. Déan cur síos ar **thrí** bhealach inar féidir an rath a thomhas.

**C.2 Tugann taithí oibre/scáthfhoghlaim agus réiteach dialainne deis luachmhar do mhic léinn taithí a fháil agus machnamh a dhéanamh ar shaol na hoibre.** **Lgh 17 – 19**

(a) Liostaigh **ceithre** chéim a thug tú chun socrúchán oiriúnach a fháil le haghaidh do thaithí oibre/scáthfhoghlama.
(b) Liostaigh agus mínigh **trí** sprioc phearsanta a bhí agat maidir le taithí oibre/scáthfhoghlaim.
(c) Déan cur síos ar na céimeanna is cóir do dhuine a thabhairt nuair a bhítear ag réiteach d’agallamh le haghaidh poist.
(d) (i) Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach do thaithí oibre/scáthfhoghlaim a mheasúnú?
(ii) Tabhair breac-chuntas ar an measúnú a réitigh tú mar chuid de do dhialann/logleabhar.

**C.3 Mar chuid de Ghairmchlár na hArdteistiméireachta agat spreagtar thú le baint ghníomhach a bheith agat le mionchuideachta a bhunú**. **Lgh 20 – 22**

(a) Liostaigh **ceithre** mhodh a úsáideann fiontar chun smaointe a ghiniúint.
(b) Mínigh cad is ciall leis an téarma taighde margaidh.
(c) Liostaigh na **ceithre** ghné den mheascán margaíochta (is é P a dtúslitir uile i mBéarla) agus mínigh ceann amháin díobh.
(d) Tabhair breac-chuntas ar an gcúis a bhfuil sé tábhachtach go ndéanfadh gnólacht taighde margaidh.

**C.4 Tá sé tábhachtach go mbeimis feasach ar na ceantair ina gcónaímid agus ina mbímid ag obair.** **Lgh 23– 25**

(a) Ainmnigh áisíneacht nó gnólacht **amháin** a bhfuil baint aici le ceann amháin na réimsí oibre seo a leanas:
(i) Cruthú jabanna (ii) Seirbhísí airgeadais (iii) Seirbhísí iompair
(b) Smaoinigh ar áisíneacht/ghnólacht atá luaite agat i gcuid (a) agus déan cur síos ar thábhacht na háisíneachta/ an ghnólachta sin don cheantar.
(c) Réitigh Ceistneoir a d’úsáidfeá chun imscrúdú a dhéanamh ar do cheantar áitiúil.
(d) Cad iad na dúshláin a d’fhéadfadh a bheith roimh do cheantar áitiúil le linn na gcúig bliana seo chugainn? Luaigh conas a d’fhéadfaí iad sin a shárú.

**C.5 Cuidíonn imscrúdú ar shlite beatha le mic léinn slí bheatha a aithint a nascfadh na rudaí a bhfuil spéis acu iontu lena n-inniúlachtaí féin.** **Lgh 26 – 28**

(a) Ainmnigh slí bheatha a ndearna tú imscrúdú uirthi.
(b) Liostaigh **trí** cháilíocht agus **trí** scil atá agat a dhéanann an tslí bheatha sin oiriúnach duitse.
(c) Déan cur síos ar **thrí** mhodh chun gníomhaíocht imscrúdaithe ar shlí bheatha a mheasúnú.
(d) Cad iad na roghanna atá ar fáil duit má bhíonn tú dífhostaithe agus más mian leat filleadh ar an obair? Mínigh do chuid freagraí.

**C.6 Imríonn comhlachtaí deonacha/fiontair phobail ról tábhachtach sna ceantair ina bhfeidhmíonn siad. Tá cainteoir ar cuairt ó chomhlacht deonach/fhiontar pobail agus tá sé/sí sásta cur i láthair a dhéanamh i do rang.** **Lgh 29 – 31**

(a) Ainmnigh comhlacht deonach nó fiontar pobail atá ag feidhmiú i do cheantar áitiúil.
(b) Sainaithin agus mínigh **trí** dhifríocht idir comhlachtaí deonacha/fiontair phobail agus fiontair thráchtála gnó.
(c) Cad iad na céimeanna is cóir a thabhairt lena chinntiú go n-eagrófar an chuairt i gceart agus go reáchtálfar go héifeachtach í?
(d) (i) Tabhair breac-chuntas ar na hábhair a d’fhéadfadh teacht aníos agus don eagraíocht a thagainn ar cuairt.

| Roinn C | Ceisteanna Ginearálta | 30 marc |
|---|---|---|

**C.1 Is gné an-tábhachtach de Ghairmchlár na hArdteistiméireachta é an Fhiontraíocht a Thuiscint.**

(a) Liostaigh **dhá** thréith a bhíonn ag duine fiontrach. Luaigh cúis amháin a bhfuil gach tréith díobh tábhachtach.

**4 marc**

(b) Sainaithin agus mínigh **trí** ghné atá riachtanach le go n-éireodh le duine fiontar gnó a chur ar bun.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| **9 marc** |

(c) Tabhair breac-cuntas ar thrí bhealach inar féidir le húinéir gnólachta a chinntiú go ndéanfar freastal ar éilimh an chustaiméara..

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| **6 marc** |

(d) Tá an rath riachtanach má tá fiontar gnó le maireachtáil. Déan cur síos ar thrí bhealach inar féidir an rath sin a thomhas.

**6 marc**

**C.2 Tugann taithí oibre/scáthfhoghlaim agus réiteach dialainne deis luachmhar do mhic léinn taithí a fháil agus machnamh a dhéanamh ar shaol na hoibre**.

(a) Liostaigh **ceithre** chéim a thug tú chun socrúchán oiriúnach a fháil le haghaidh do thaithí oibre/scáthfhoghlama.

**4 marc**

(b) Liostaigh agus mínigh **trí** sprioc phearsanta a bhí agat maidir le taithí oibre/scáthfhoghlaim.

**6 marc**

(c) Déan cur síos ar na céimeanna is chóir do dhuine a thabhairt nuair a bhítear ag réiteach d’agallamh le haghaidh poist.

**6 marc**

(d) (i) Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach do thaithí oibre/scáthfhoghlaim a mheasúnú?
(ii) Tabhair breac-chuntas ar an measúnú a réitigh tú mar chuid de do dhialann/logleabhar.

**9 marc**

| Roinn C | Ceisteanna Ginearálta | 100 marc |
|---|---|---|

**C.3 Mar chuid de Ghairmchlár na hArdteistiméireachta agat spreagtar thú le baint ghníomhach a bheith agat le mionchuideachta a bhunú.**

(a) Liostaigh **ceithre** mhodh a úsáideann fiontar chun smaointe a ghiniúint.

**4 marc**

(b) Mínigh cad is ciall leis an téarma Taighde Margaidh.

**5 marc**

(c) Liostaigh na **ceithre** ghné den mheascán margaíochta (is é P a dtúslitir uile i mBéarla) agus mínigh ceann **amháin** díobh.

**7 marc**

(d) Tabhair breac-chuntas ar an gcúis a bhfuil sé tábhachtach go ndéanfadh gnólacht Taighde Margaidh.

**9 marc**

| Roinn C | Ceisteanna Ginearálta | 100 marc |
|---|---|---|

**C.4 Tá sé tábhachtach go mbeimis feasach ar na ceantair ina gcónaímid agus ina mbímid ag obair.**

(a) Ainmnigh áisíneacht nó gnólacht **amháin** a bhfuil baint aici le ceann amháin de na réimsí oibre seo a leanas.

| |
|---|
| (i) Cruthú jabanna |
| |
| (ii) Seirbhísí airgeadais |
| |
| (iii) Seirbhísí iompair |
| |
| **3 marc** |

(b) Smaoinigh ar áisíneacht/ghnólacht atá luaite i gcuid (a) agus déan cur síos ar thábhacht na háisíneachta/an ghnólachta sin don cheantar.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| **4 marc** |

(c) Réitigh Ceistneoir a d'úsáidfeá chun imscrúdú a dhéanamh ar do cheantar áitiúil.

**10 marc**

(d) Cad iad na dúshláin a d’fhéadfadh a bheith roimh do cheantar áitiúil le linn na gcúig bliana seo chugainn. Luaigh conas a d’fhéadfaí iad sin a shárú.

**8 marc**

| Roinn C | Ceisteanna Ginearálta | 100 marc |
|---|---|---|

**C.5 Cuidíonn imscrúdú ar shlite beatha le mic léinn slí bheatha a aithint a nascfadh na rudaí a bhfuil spéis acu iontu lena n-inniúlachtaí féin.**

(a) Ainmnigh slí bheatha a ndearna tú imscrúdú uirthi.

**1 marc**

(b) Liostaigh **trí** cháilíocht agus **trí** scil atá agat a dhéanann an tslí bheatha sin oiriúnach duitse.

**6 marc**

(c) Déan cur síos ar **thrí** mhodh chun gníomhaíocht imscrúdaithe ar shlí bheatha a mheasúnú.

**9 marc**

(d) Cad iad na roghanna atá ar fáil duit má bhíonn tú dífhostaithe agus más mian leat filleadh ar an obair? Mínigh do chuid freagraí.

**9 marc**

**C.6 Imríonn comhlachtaí deonacha/fiontair phobail ról tábhachtach sna ceantair ina bhfeidhmíonn siad. Tá cainteoir ar cuairt ó chomhlacht deonach/fhiontar pobail agus tá sé/sí sásta cur i láthair a dhéanamh i do rang.**

(a) Ainmnigh comhlacht deonach nó fiontar pobail atá ag feidhmiú i do cheantar áitiúil.

**1 marc**

(b) Sainaithin agus mínigh **trí** dhifríocht idir comhlachtaí deonacha/fiontair phobail agus fiontair thráchtála gnó.

**6 marc**

(c) Cad iad na céimeanna is cóir a thabhairt lena chinntiú go n-eagrófar an chuairt i gceart agus go reáchtálfar go héifeachtach í?

**6 marc**

(d) (i) Tabhair breac-chuntas ar na hábhair a d’fhéadfadh teacht aníos agus don eagraíocht a thagainn ar cuairt.

(ii) Mínigh **trí** chuspóir a d’fhéadfadh a bheith ag an rang agus an chuairt á heagrú acu?

**12 marc**

# Don Scrúdaitheoir Amháin

## Páipéar Scríofa

| | Marcanna a Bronnadh |
|---|---|
| Roinn A | |
| Roinn B | |
| Roinn C | |
| C.1 | |
| C.2 | |
| C.3 | |
| C.4 | |
| C.5 | |
| C.6 | |
| **Iomlán** | |

| Scrúduimhir |
|---|
| |

| | |
|---|---|
| 1. Suim na n-iomlán ó bhun na leathanach. | |
| 2. Móriomlán na ceiste/gceisteanna nár ceadaíidh. | |
| 3. An tOllmharc a bronnadh (1 lúide 2) | |
| 4. Bónas don fhreagairt trí mheán na Gaeilge. | |
| 5. Marc móriomlán (3 + 4) | |
| **Nóta**: Ní mór don mharc ar líne 5 a bheith cothrom leis an marc sa bhosca Móriomlán ar an script. | |

## Measúnú Fillteáin

| | Marcanna a Bronnadh |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| **Iomlán** | |

| | |
|---|---|
| 1. Suim na n-iomlán | |
| 2. Móriomlán an/na fhreagra/bhreagraí nár ceadaíodh | |
| 3. An tOllmharc a bronnadh (1 lúide 2) | |